C/2026/4075

24.7.2026

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.12479 — GBL / CVC / RECORDATI)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2026/4075)

1. An 15 Iúil 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Groupe Bruxelles Lambert SA (GBL, an Bheilg),

— CVC Capital Partners plc (CVC plc, Geirsí),

— Recordati Industria Chimica e Farmaceutica S.p.A. (Recordati, Italy), atá faoi rialú cistí atá á mbainistiú ag CVC plc faoi láthair.

Gheobhaidh GBL agus CVC rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Recordati.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 22 Bealtaine 2026.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta infheistíochta atá liostaithe go poiblí é GBL a bhfuil a cheanncheathrú i mBruiséil na Beilge agus tá infheistíochtaí aige i gcuideachtaí domhanda atá gníomhach in earnálacha éagsúla, ar cuideachtaí iad a bhfuil a gceanncheathrú san Eoraip den chuid is mó,

— Is cuideachta phoiblí theoranta é CVC plc a bhfuil a scaireanna liostaithe ar Stocmhalartán Euronext Amstardam agus a ligtear a scaireanna isteach ann chun a dtrádála. Ós rud é go mbaineann sé le gníomhaíochtaí cothromais phríobháidigh CVC Network, soláthraíonn CVC plc, go hindíreach trí roinnt dá fhochuideachtaí ó am go chéile, comhairle infheistíochta do chistí agus meáin infheistíochta áirithe (na 'Cistí CVC') agus/nó déanann sé infheistíochtaí a bhainistiú thar a gceann. Tá leasanna ag Cistí CVC i roinnt cuideachtaí atá gníomhach i dtionscail éagsúla ar fud an domhain, lena n-áirítear i seirbhísí airgeadais, ceimiceáin, fóntais, monaraíocht, miondíol agus dáileadh, san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise. Tá CVC plc bunaithe i nGeirsí,

— Is grúpa cógaisíochta idirnáisiúnta é Recordati atá tiomnaithe do thaighde, forbairt, monarú agus margú cógaisíochta. Tá scaireanna Recordati liostaithe ar stocmhalartán Milano agus tá sé faoi rialú deiridh Cistí CVC.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12479 — GBL / CVC / RECORDATI

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË